

Léirmheas a foilsíodh i FEASTA, Bealtaine 2001, lgh 35-6.

**CRANNÓGA:** An Epidemiological Approach to the Gaeltacht.

Liam Ó Sé. Johnswood Press, 2000. IRL 10 (clúdach bog) ; 297 lch.

**ATHBHEOCHAN NA hEABHRAISE:** CEACHTA DON GHAEILGE ?

Muiris Ó Laoire. An Clóchomhar, 1999. IRL12 (clúdach cruu) ; xviii + 258 lch.

Dhá leabhar rí-shuimiúla faoi dhán na Gaeltachta is na Gaeilge.

Díríte ar thodhchaí na Gaeltachta is na Gaeilge, agus bunaithe ar a thaithí mar dhochtúir leighis ar ghalair a bhaineann leis an bpobal seachas leis an duine aonair, atá leabhar an Dr Uí Shé. Leis an gcur chuige sin buaileann sé croílár na faibhbe – mar a chuir an Stát acmhainní móra i dtreo mhúineadh na teanga don duine aonair gan teacht ar an tuiscint gur ar an bpobal a bhraitheann úsáid aon teanga, ach nach mór acmhainní a sholáthar chun *úsáid* na teanga sa phobal a phleanáil. Níor tuigeadh gur neamhspleách ar a chéile, cuid mhaith, a bhíonn cumas agus úsáid. Measadh go bhfásfadh úsáid na Gaeilge ó mhéadú ar chumas Gaeilge an duine aonair – is dóite a thuigimid anois nach amhlaidh a bhíonn.

Scrúdaíonn an t-údar cuid mhaith comhthéacs inar éirigh le pobal mionlaigh a dteanga a chaomhnú : Hutterigh Mheiriceá, na hÁmais, Kibbutzim Iosrael, an Íoslainn, Oileáin Fharó, an Eilvéis, Lucsburg, an Bhreatain Bheag, srl. Cuireann sé moltaí praiticiúla don Ghaeilge chun cinn ar bhonn na scrúduithe seo, do chúrsaí pleanála, fostaíochta agus oideachais, moltaí a dhéanadh difríocht mhór ach iad a chur i bhfeidhm. Ní féidir ach roinnt bheag acu a lua anseo, mar shampla feachtas faisnéise do mhuintir na Gaeltachta chun tabairt ar thuismitheoirí an Ghaeilge a labairt lena gcuid páistí ón gcliabhán, ar nós na bhfeachtas sláinte in aghaidh toitíní.

Moladh an-spéisiúil uaidh is ea an 'deontas' 200 punt do labhairt na Gaeilge a atheagrú ó bhonn : é a mhéadú go 500 punt in aghaidh na bliana, agus é a íoc mar chnuas, i. 1,500 punt, ar gach páiste 3 bliana d'aois ar léir gur Gaeilge a labhraíodh leis/léi ón gcliabhán. Ar scála teanga a d'íocfaí an t-airgead, ag brath ar chumas teanga an pháiste : Gaeilge amháin 500 punt ; Gaeilge ó dhúchas ach roinnt Béarla 300-400 punt ; Béarla ó dhúchas ach roinnt Gaeilge 100-200 punt ; Béarla amháin – faic. Chuirfí an scála céanna i bhfeidhm ar gach deontas Gaeltachta. Leis an máthair a d'íocfaí an t-airgead, mar aitheantas dá tábhacht i seachadadh na teanga don chéad ghlúin eile, agus smaointeofaí ar an deontas nua seo a íoc le máithreacha ar fud na tíre : ba léir uaidhsin gur leis an teanga, ní leis an tíreolas, a bhaineann an deontas. Léiríonn an t-údar go dtacódh an scéim seo leis an bhfíor-dhátheangachas, mar aithníonn sé gur gá réimsí, nó ceantracha, gur ag an nGaeilge a bheidh ceannas iontu : le lucht na Gaeilge ar fad dátheangach, agus Béarlóirí aonteangach, is léir gur Béarla amháin a úsáidfear. Ní gá tacaíocht an Stáit don Bhéarla, tá sé sách láidir, go deimhin ró-láidir, gan í.

Is iomaí rud inspéise sa sárleabhar seo, a mholfainn go láidir do léitheoirí. Molann an Dr Ó Sé coilíneachtaí nua Gaeltachta, ar nós Ráth Cairn, agus cruthú sráidbhailte saithilíte ar imeall mhórchathracha na hÉireann – ón moladh seo teideal an leabhair. Do lucht an lagmhisnigh, tugann sé sliocht as leabhar leis an scríbhneoir Spáinneach, Salvador de Madariage, a chuireann i gcuimhne dúinn nach mbeidh buaite orainn go nglacfaimid leis an díomua :

‘ ... the Irish, the Spaniards and the Poles ... are the three European peoples to possess one peculiar military quality – that of fighting on when they know that the game is up.’ (Ich 292).

Leabhar smaointeach spreagúil. Go raibh toradh céadach air !

Tugann leabhar an Dr Uí Laoire léiriú ar ghnéithe áirithe d’athbheochan na hEabhraise sa Phalaistín sa tréimhse 1880-1930, agus déanann comparáid le gnéithe d’athbheochan na Gaeilge sa tréimhse chéanna. Ag eascairt as a thaithí mhúinteoireachta, agus as teip fhollasach fhormhór na ndaltaí sna scoileanna an teanga a shealbhú, tháinig sé ar an tuiscint nach ar mhodhanna múinte teanga atá an locht, ach ar chúinsí sochaíocha lasmuigh den seomra ranga : nithe mar ‘spreagadh, teanga an teaghlaigh, polasaithe teanga, idé-eolaíocht, agus pearsantacht’ (ix).

Rianaíonn an t-údar cúlra agus idé-eolaíocht an hathbheochana in Iosrael agus in Éirinn, agus tugann faoi fhreagraí a aimsiú ar cheisteanna spéisiúla, mar shampla, an fáth go raibh athbheochan na hEabhraise in ann fás laistigh de 20 bliain as an 5% de dhaonra Giúdach na Palaistíne a bhí ag freastal ar scoileanna lán-Eabhraise sa bhliain 1900, fad is nárbh ionann in aon chor an toradh a bhí ar an 12% de pháistí na hÉireann a bhí ag freastal ar scoileanna lán-Ghaeilge sa bhliain 1940 (x). Agus tharla seo in Iosrael in ainneoin ‘*nach raibh aon ghá praiticiúil cumarsáide* i gceist ... nuair a rinneadh an teanga a athbheochan is a leathnú den chéad uair ar nua-ghabháltais na Palaistíne ...’ (Ich 228) (toisc comhtheanga, an Ghiúdais, a bheith ag formhór na n-imirceach cheana féin).

Leagann an Dr Ó Laoire a mhéar ar an mórdhifríocht idir an dá thír – an laige is mó i gcás na Gaeilge- ‘gurbh í athbheochan na hEabhraise laistigh den ghnáth-theaghlach an ghné ba thábhachtaí agus ba bhunúsaí den scéal ar fad (xv)’ agus ‘ ... gurbh iad na páistí féin sa deireadh thiar a d’imir an tionchar ba mhó ... i bpróisis chasta na hathbheochana féin.’ (Ich 224) Deineadh faillí ar réimse an teaghlaigh agus na comharsanachta in athbheochan na Gaeilge, mar ar díródh an iomad ar an gcóras oideachas chun an tír a ghaelú.

Tugann an leabhar cur síos cuimsitheach ar athbheochan na hEabhraise sa tréimhse, ag tosú le ról an cheannródaí, Eliezer Ben Yehuda, an chéad duine le breis is 2,000 bliain a chinn gurb í an Eabhrais, is an Eabhrais amháin, a bheadh mar theanga laethúil a theaghlaigh. Léimid faoina mhac óg, Ben-avi, an chéad chainteoir dúchais Eabhraise ; col na nGiúdach ceartchreidmheach le húsáid thuata na hEabhraise, an *loshn koydesh* nó teanga dhiaga ba dhual, dar leo, do chaidreamh le Dia amháin ; an fíoras nár ghlac tromlach na

nGiúdach in Iarúsailéim le tuairimí Ben Yehuda faoin Eabhrais (1% den daonra a labhradh Eabhrais 40 bliain tar éis teacht ann dó), agus gur mhó i bhfad a thionchar ar na hinimircigh is ar a bpáistí ar na nuaghabháltais thalmhaíochta. Ba léir faoi 1914 go raibh ag éirí leis an athbheochan : labhair 25,000 as an 85,000 Giúdach (c. 30%) sa Phailistín an Eabhrais ; faoi 1916-17 Eabhrais a labhair 75% na bpáistí Giúdacha (Ich 96), is bhí Tel Aviv ag fás mar chabhair Eabhraise. Leis an Eabhrais a bhí an óige, agus bhí na páistí *sabra* (i. a rugadh sa Phailistín) ag cur brú ar a dtuismitheoirí gan teangacha iasachta a labhairt leo go poiblí !

Tá dhá chaibidil shuimiúla faoi Éirinn : ceann faoi shíolta na hathbheochana agus ceann faoin bpleanáil teanga 1922-1930. Léirítear go raibh toise láidir socheacnamaíoch ag roinnt le náisiúnachas an 19ú haois lena thaobhaigh na gnáthdhaoine, ach nach móide go bhfuair an náisiúnachas cultúir greim riamh ar a n-aighe. B'shin go bunúsach faoi deara an mhórdhifríocht idir toradh na hathbheochana sa dá thír.

Cúpla smaoineamh a spreag léamh an dá leabhar ionam, cé nach bhfuil a leithéid luaite iontu : Mar Thiobraid Árannach, is dócha gur nádúrtha dom uaireanta cúrsaí a shamhú mar chluiche iománaíochta. Bíonn lucht na Gaeilge, agus lucht na mionteangacha i gcoitinne, ar a gcosaint ar shíorbhrú na mórtheangacha, go háirithe an Béarla. Ach tuigeann gach iománaí nach síorchosaint a bhuann aon chluiche, agus nach mór an sliotar a fhocáil go taobh eile na páirce agus cúpla cúl a chur isteach. Ach conas is féidir leis an nGaeilge, nó fiú leis an Stát Éireannach, a leithéid a dhéanamh ?

San Aontas Eorpach (AE) a chímse an freagra. Faoi láthair tá an Béarla ag treabhadh roimhe agus is garr go mbeidh gach teanga eile – mion is mór - faoi bhrú aige. Ach tá an cath áirithe seo i bhfad ó bheith caillte. Ní Béarlóirí ó dhúchas 84% de shaoránaigh an AE, agus tá fianaise le déanaí go bhfuil an Fhrainc is an Ghearmáin ag dúiseacht faoi dheireadh (an comhaontú anuraidh tacú le teangacha a chéile, mar shampla). Tá Gearmáinis mar theanga laethúil ag breis is 90 milliún duine san AE, is tá Fraincis ag 64 milliún, le chéile 154 milliún. Ní lena a leas siúd a dteangacha a bheith á n-imeallú ag an mBéarla mar atáid, agus luath nó mall tuigfidh siad sin.

Dá dtacódh Éire le húsáid Esperanto in ionad an Bhéarla mar chomhtheanga i bhforais an AE sa Bhruiséil, tá seans go bhfaighimis níos mó tacaíochta ná mar a cheapaimid (Béarlóirí ó dhúchas ag cur in aghaidh cheannas an Bhéarla agus ag éileamh cothrom na Féinne do chách). Cur chuige an-raidiciúil, ach dá dtarlódh sé bheadh cúpla cúl curtha isteach againn in aghaidh cheannas an Bhéarla, agus mhaolófaí dá réir ar an mbrú ar theangacha eile, an Ghaeilge ina measc. Fágaimis an focal scoir ag an Dr Ó Sé, atá níos fadradharcaí ná ceannairí na Fraince is na Gearmáine – bímis ag súil gur gearr go dtuigfidh siadsan roinnt dá bhfuil tuigte aige:

'If the Great Powers were at all anxious to have as a *second* language a universal language, they would have opted, long ago, for **Esperanto**, a language easy enough to learn in weeks, yet developed and

sophisticated enough for even the most abstruse scientific communication.' (lch 20).

Seán Ó Riain